Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11588/26**

**PUBLIC 53**
**INF 211**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE -EANÁIR 2026 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn i mí Eanáir 2026.[1]

Ionas gur fusa tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (i gcló iodálach).

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha trí nós imeachta i scríbhinn,[2]
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil.

Tá faisnéis faoi ghníomhartha eile arna nglacadh ag an gComhairle le fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe na Comhairle, faoin roinn 'Cruinnithe'[3]. Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag: Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

[1] Ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh, ní bheidh sna hachoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle ach faisnéis faoi ghníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha a ghlactar trí nós imeachta i scríbhinn. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de rialacha nós imeachta na Comhairle 'Déanfaidh an Ardrúnaíocht achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn a tharraingt suas gach mí. Aon ráiteas a bheidh le cur i miontuairiscí na Comhairle, beidh sé san achoimre sin. Poibleofar na ranna den achoimre a bhaineann le gníomhartha reachtacha a ghlacadh.'

[2] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a nglacann an Chomhairle iad agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

[3] http://www.consilium.europa.eu/en/home/

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil fáil ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| Nósanna imeachta i scríbhinn | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 5 Eanáir 2026** | **CM 5563/25 REV1** |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2642 ón gComhairle an 22 Nollaig 2025 maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026<br>IO L, 2025/2642, 23.12.2025 | 16574/1/25 REV 1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 9 Eanáir 2026** | **1076/26** |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/254 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala*<br>Cinneadh (CBES) 2026/88 ón gComhairle an 9 Eanáir 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/254 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala<br>IO L, 2026/88, 12.1.2026 | 16010/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/287 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/87 ón gComhairle an 9 Eanáir 2026 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/287 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala<br>IO L, 2026/87, 12.1.2026 | 16012/25 + REV 1 (sl) |
| Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/254 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/88 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/287 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2026/87 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuatamala<br>IO C, C/2026/232, 12.1.2026 | 16013/25 + COR 1 |

| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 9 Eanáir 2026** | **CM 1113 /26** |
|---|---|
| *Comhaontuithe AE-Mercosur* | |
| Cinneadh (AE) 2026/185 ón gComhairle an 9 Eanáir 2026 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile<br>IO L, 2026/185, 27.2.2026 | 12442/25 |
| Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cómhargadh an Deiscirt, Phoblacht na hAirgintíne, Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Phoblacht Pharagua agus Phoblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile | 12443/25 |
| Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile<br>IO L, 2026/186, 27.2.2026 | 12450/25 + ADD 1-14 |
| Cinneadh (AE) 2026/183 ón gComhairle an 9 Eanáir 2026 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile<br>IO L, 2026/183, 27.2.2026 | 12417/1/25 REV 1 |
| Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Cómhargadh Dheisceart, Phoblacht na hAirgintíne, Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Phoblacht Pharagua agus Phoblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile | 12418/1/25 REV 1 |
| Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile<br>IO L, 2026/184, 27.2.2026 | 12419/25 + ADD 1-13 |
| **Ráiteas Náisiúnta ón Ungáir maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile** | |
| De réir an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún Eorpach, cuideoidh an Comhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur le heaspórtálacha bliantúla an Aontais chuig Mercosur a mhéadú 39 % agus sábhálfaidh sé na billiúin euro i ndleachtanna custaim gach bliain. Is é ár dtuairim, áfach, go bhfuil roinnt tionchair dhiúltacha ag an gcomhaontú ar thalmhaíocht na hEorpa, ar shlí bheatha na bhfeirmeoirí, ar an iomaíochas agus ar an tslándáil bia. Tá an staid níos casta fós toisc go ndéanfadh oscailt mhargadh an Aontais don Úcráin agus teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta AE-Mercosur ag an am céanna earnáil talmhaíochta iomlán na hEorpa a dhíchobhsú. Ní thugann an togra le haghaidh Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur deiseanna leordhóthanacha d'fheirmeoirí san Ungáir, agus thairis sin, is ísle i gcoitinne na caighdeáin a bhíonn le comhlíonadh ag na hearraí a tháirgeann agus a allmhairíonn tíortha Mercosur i gcomparáid le hearraí Eorpacha. Áitíonn an Ungáir i gcónaí nach mór do tháirgí a thagann isteach san Aontas Eorpach rialacha an Aontais maidir le bia a tháirgtear san Aontas a chomhlíonadh freisin; murach sin beidh feirmeoirí san Aontas faoi mhíbhuntáiste iomaíoch, rud nach féidir linn a cheadú. Is iad an Bhrasaíl agus an Airgintín an dara agus an tríú táirgeoir barr OGM is | |

| | |
|---|---|
| mó ar domhan, is é Paragua an seachtú ceann agus is é Uragua an deichiú ceann, mar sin tá scaipeadh bharra na dtíortha sin san Eoraip agus san Ungáir ag teacht salach ar straitéis na hUngáire maidir le bheith saor ó OGManna.<br>Ina theannta sin, ní áirítear sa dréachtrialachán lena gcuirtear an clásal coimirce déthaobhach chun feidhme ár n-ionchas bunúsach maidir le gné réigiúnach chun go mbeidh na Ballstáit a bhfuil margaí beaga acu, an Ungáir, mar shampla, in ann a gcearta a fhorfheidhmiú.<br>I bhfianaise an mhéid thuas, ní thacaíonn an Ungáir le síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta AE-Mercosur ná le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.<br><br>I ndáil le hAirteagal 5.1 agus Airteagal 5.4 den Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur, tugann an Ungáir dá haire go bhfuil sí lántiomanta i gcónaí ceartas agus cuntasacht a áirithiú i dtaobh na gcoireanna is tromchúisí ar údar imní iad don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine, lena n-áirítear an cinedhíothú, coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, ar bhonn a reachtaíochta coiriúla intíre, i gcomhréir le prionsabal na huilíochta, agus ar bhonn a tiomantais leanúnaigh maidir le tacú le comhordú agus comhar idir na húdaráis inniúla uile ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn imscrúduithe éifeachtacha ar na coireanna sin agus ionchúisimh éifeachtacha as na coireanna sin a áirithiú. Is oth leis an Ungáir an polaitiú a rinneadh le déanaí ar chinntí áirithe ag fóram breithiúnach idirnáisiúnta a bhfuil tábhacht leis taobh amuigh de sin, agus is mar gheall air sin a thug an Ungáir fógra d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe faoina tarraingt siar as Reacht na Róimhe de chuid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta an 2 Meitheamh 2025. Tá an tarraingt siar as Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta gan dochar do chomhlíonadh oibleagáidí sin na hUngáire a eascraíonn as dlí an Aontais.<br>Ó thús ghéarchéim na himirce in 2015, tá sé curtha i bhfios go láidir arís agus arís eile ag an Ungáir nach mór aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce go háitiúil, ag a bpointe tionscnaimh; dá réir sin, is díol sásaimh don Ungáir gur leathnaíodh an comhar idir an tAontas agus Mercosur chun an réimse sin a chuimsiú freisin. I ndáil le hAirteagal 6.1, agus i gcomhréir lenár seasaimh roimhe seo, cuirimid i bhfios go láidir gur inniúlacht náisiúnta i gcónaí í an imirce dhleathach. Dá bhrí sin, cuirimid ár mbeartas imirce chun feidhme ar bhonn ár gceannasachta náisiúnta. Níor ghlac an Ungáir *an Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte Ordúil Rialta*, agus ní ghlacaimid páirt ina chur chun feidhme ach oiread toisc go gcreidimid go láidir nach bhfuil aon tionchar dearfach ag an imirce ar an bhfás cuimsitheach ná ar an bhforbairt chuimsitheach, lena n-áirítear an fhorbairt shóisialta. | |
| **Ráiteas ón Ungáir maidir leis an gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur** | |
| De réir an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún Eorpach, cuideoidh an Comhaontú AE-Mercosur le heaspórtálacha bliantúla an Aontais chuig Mercosur a mhéadú 39 % agus sábhálfaidh sé na billiúin euro i ndleachtanna custaim gach bliain. Is é ár dtuairim, áfach, go bhfuil roinnt tionchair dhiúltacha ag an gcomhaontú ar thalmhaíocht na hEorpa, ar shlí bheatha na bhfeirmeoirí, ar an iomaíochas agus ar an tslándáil bia.<br>Tá an staid níos casta fós toisc go ndéanfadh oscailt mhargadh an Aontais don Úcráin agus teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe AE-Mercosur ag an am céanna earnáil talmhaíochta iomlán na hEorpa a dhíchobhsú.<br>Ní thugann an togra le haghaidh Chomhaontú AE-Mercosur deiseanna leordhóthanacha d'fheirmeoirí san Ungáir, agus thairis sin, is ísle i gcoitinne na caighdeáin a bhíonn le comhlíonadh ag na hearraí a tháirgeann agus a allmhairíonn tíortha Mercosur i gcomparáid le hearraí Eorpacha.<br>Áitíonn an Ungáir i gcónaí nach mór do tháirgí a thagann isteach san Aontas Eorpach rialacha an Aontais maidir le bia a tháirgtear san Aontas a chomhlíonadh freisin; murach sin beidh feirmeoirí san Aontas faoi mhíbhuntáiste iomaíoch, rud nach féidir linn a cheadú. Is | |

| | |
|---|---|
| iad an Bhrasaíl agus an Airgintín an dara agus an tríú táirgeoir barr OGM is mó ar domhan, is é Paragua an seachtú ceann agus is é Uragua an deichiú ceann, mar sin tá scaipeadh bharra na dtíortha sin san Eoraip agus san Ungáir ag teacht salach ar straitéis na hUngáire maidir le bheith saor ó OGManna.<br>Ina theannta sin, ní áirítear sa dréachtrialachán lena gcuirtear an clásal coimirce déthaobhach chun feidhme ár n-ionchas bunúsach maidir le gné réigiúnach chun go mbeidh na Ballstáit a bhfuil margaí beaga acu, an Ungáir, mar shampla, in ann a gcearta a fhorfheidhmiú.<br>I bhfianaise an mhéid thuas, ní thacaíonn an Ungáir le síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Trádála eatramhaigh AE-Mercosur ná le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin. | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 16 Eanáir 2026** | **1214/26** |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin*<br>Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin | 16233/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/386 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/386 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin | 16297/25 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/122 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/386 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/123 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha ina gcoinne siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin<br>IO C, C/2026/387, 19.1.2026 | 16299/25 + COR 1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 16 Eanáir 2025** | **1243/26** |
| *Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488*<br>Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1173 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú | 16311/1/25 REV 1 |